# Eagarthóir / Léiritheoir – BLOC

## Conradh 2 Bhliain

Is ardán digiteach Gaeilge é BLOC atá dírithe ar lucht féachana 18-25 bliana d'aois. Déanann BLOC ábhar úr, cruthaitheach agus siamsúil a chruthú agus a choimisiúnú do phobal óg na Gaeltachta agus na Gaeilge – ar na hardáin a úsáideann siad agus ar bhealaí a oireann don chaoi a mbreathnaíonn siad ar an ábhar.

Tá BLOC ar Instagram, ar YouTube, ar Tik Tok agus ar ardáin shóisialta eile agus tá sé mar aidhm againn lucht féachana óg a mhealladh, caidreamh a chothú leo agus spás a chruthú do ghlórtha, do thallann agus d'ábhar siamsúil, spreagúil agus dána i nGaeilge.

Is mian le TG4 Eagarthóir / Léiritheoir BLOC atá cruthaitheach, uaillmhianach agus d'éirigh aníos le linn na ré digití a earcú chun an chéad chéim eile d'fhorbairt BLOC a threorú. Beidh an té a cheapfar lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann i nGaeltacht na Gaillimhe agus ag freagairt don Stiúrthóir Ábhair.

Beidh an tEagarthóir/Léiritheoir freagrach as treo cruthaitheach agus eagarthóireachta BLOC agus as ábhar a fhorbairt, a chruthú agus a choimisiúnú a bheidh ábhartha agus tarraingteach don spriocluch féachana.
Beidh sé mar chuid lárnach den ról tallann agus cruthaitheoirí nua Gaeilge agus Gaeltachta a aimsiú agus a chothú, smaointe úra a fhorbairt agus triail a bhaint as formáidí agus cineálacha nua scéalaíochta.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

**An Ról:**
Beidh an té a cheapfar sa ról seo freagrach as ceannasaíocht a ghlacadh ar thograí ar leith a bhaineann leis an ardán BLOC TG4.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh:**

- Treo Cruthaitheach agus Eagarthóireachta BLOC a threorú agus féiniúlacht shainiúil an ardáin a fhorbairt.
- Ábhar digiteach a cheapadh, a fhorbairt agus a chruthú don spriocluch féachana.
- Ábhar a chruthú, a thaifeadadh, a chur in eagar, a fhoilsiú agus a bhainistiú nuair is cuí.
- Formáidí agus sraitheanna 'gearrfhoirme' agus ilardán a fhorbairt mar aon le cineálacha nua scéalaíochta atá oiriúnach do TikTok, Instagram, YouTube agus ardáin atá ag teacht chun cinn.
- Conarthaí, buiséid agus eile a láimhseáil chun ábhar a fhorbairt agus a léiriú leis an earnáil chruthaitheach neamhspleách.
- Tallann nua Gaeilge a aimsiú, a fhorbairt agus a chothú – idir láithreoirí, cruthaitheoirí, scríbhneoirí agus glórtha nua.
- Pobal cruthaitheoirí ábhair Gaeilge a thabhairt chun cinn agus caidreamh láidir a chothú leis an bpobal sin.
- Ábhar a choimisiúnaítear ón earnáil léiriúcháin neamhspleách a fhorbairt agus a mhaoirsiú ó thaobh eagarthóireachta agus léiriúcháin de.
- Oibriú le comhlachtaí léiriúcháin ar smaointe, buiséid, conarthaí, sceidil agus seachadadh ábhair.
- Fanacht céim chun tosaigh ar threochtaí digiteacha agus ar athruithe in iompar an lucht féachana óig, agus úsáid a bhaint as sonraí agus léargais an lucht féachana chun ábhar a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Feachtais, ócáidí agus tionscadail speisialta BLOC a threorú de réir mar is gá.
- Oibriú go dlúth le Foireann Ábhair TG4 chun cur chuige comhtháite ilardán a fhorbairt don lucht féachana 18–25.
- A chinntiú go dtugtar léargas ar shaol, ar ábhar spéise, ar chultúr agus ar éagsúlacht phobal óg na Gaeilge agus na Gaeltachta sa lá atá inniu ann in ábhar BLOC.

- Treoir agus Stiúir a thabhairt d'Intéirneach BLOC.
- Tabhairt faoi aon fhreagrachtaí réasúnta eile de réir mar a bheadh ag teastáil mar gheall ar riachtanais an ghnó.

***Tabhair ar aird:*** *Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus/nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú. Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Ardscileanna i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla chomh maith le bheith ábalta cóipscríbhneoireacht a dhéanamh
- Sárscileanna cruthaitheacha agus eagarthóireachta agus an cumas smaoineamh a fhorbairt ón tús go dtí go bhfoilsítear é.
- Taithí phraiticiúil ar ábhar a chruthú agus a léiriú.
- Sárthuiscint ar an dóigh a mbíonn ábhar digiteach tarraingteach agus ábhartha don lucht féachana óg, ar an dóigh a mbíonn fonn orthu é a roinnt, agus ar iompar an lucht féachana óig ar ardáin dhigiteacha.
- Tuiscint ar shonraí agus ar léargais lucht féachana agus cumas iad a úsáid chun feidhmíocht ábhair a thuiscint agus a fheabhsú.
- Ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as a stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.
- Cur chuige dearfach, a bheith in ann réiteach go maith le baill foirne agus taithí chruthaithe ar fhoireann a threorú.
- Beidh taithí mhaith ag an té a cheapfar ar bhogearraí ríomhaireachta (ardtuiscint ar Excel, MS Office) agus beidh an té sin ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheaptar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Is é **4pm Dé hAoine an 2 Deireadh Fómhair 2026** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol do CV mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie**.**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

Grád 4

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú nuair is gá lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla |

| | |
|---|---|
| • Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |